FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

GEARRSCÉAL
le Déirdre Ní Grianna

Clog, leabhar agus coinneal

CUID I

"Scrios Dé ar Simon Cowell agus a mhacasamhail!"

Ba sin an méid a tháinig chun cinn chuige an uair dheireanach a bhí sé ar an bhealach iargúlta chasta chorraitheach seo corradh le dhá bhliain ó shin.

Chonacthas do Jason san am gurb iad Cowell, Walsh, et al, foinse na bhfadhbanna uile a bhí ag cur as don iriseoir ar an oíche chinniúnach sin i Mí na Nollag agus é ar seachrán i gceo na gcnoc, ar aistear in áit aisteach uaigneach dho-aitheanta.

Gan trácht ar an dóigh a mbeadh a bhean sáite sa chlár dhamanta gach Satharn, fad agus a mhair seal na seafóide agus greim daingean aici ar an tslat riartha teilifíse lena linn.

Ach na léiritheoirí ceoil siúd a bheith i mbun oibre ag spreagadh na gcéadta le bomaití beaga Warhol a shantú, ní iarrfadh eagarthóir Jason air taisteal go Dún na nGall, le hagallamh a dhéanamh leis an 'chíorálaí-chlú' is déanaí.

Shíl Jason go raibh sé dona go leor go raibh airsean, príomhscríbhneoir agallamh an pháipéir mór-le-rá, labhairt lena leithéid, go háirithe nuair a bhí clú air anois mar an t-iriseoir a chuir agallamh an-dian ar Bhill Clinton cúpla mí ó shin nuair a bhí iar-uachtarán Mheiriceá ar thuras cainteanna ar fud na hEorpa.

Agus arís eile, nuair a bhí dul chun cinn ina cheard mar iriseoir dáiríribh déanta aige agus cuiridh aige le dul ar chláir raidió go rialta mar thráchtaire ar ábhair thábhachtacha pholaitiúla, ag cloí le nós na meán, baill na meán eile, a chothú.

Ach d'éirigh an scéal ní ba mheasa do Jason nuair a insíodh dó nárbh fhéidir agallamh ghutháin a dhéanamh agus nach ndéanfadh a dhath eile don eagarthóir ach é dul go dtí an Clochán Liath le hagallamh a dhéanamh (agus pictiúirí a ghlacadh cé nár bronnadh bua na grianghrafadóireachta air ón chinniúint), le hagallamh a dhéanamh leis an iomaitheoir Éireannach sa bhabhta ceannais den chomórtas.

De réir an eagarthóra, bhí Hoody, mar a bhí aithne air i meáin an Bhéarla (seachas an Hiúdaí a roghnaigh a thuismitheoirí) le coirm cheoil gan coinne a dhéanamh dá 'lucht leanúna' ar a bhaile an oíche sin agus BHÍ ar Jason freastal ar chuireadh an pháipéir leis an scéal eisiach a fháil do na leathanaigh speisialta a bheadh ann roimh an oíche chinniúnach.

B'ionann sin uilig agus tús trioblóidí Jason.

Bhí Aer Árann millteanach buartha ach ní raibh eitleán ar bith san aer in iarthar na tíre mar gheall ar an cheo agus níorbh fhios cá huair a chuirfí an ghnáthsheirbhís ar fáil arís.

Agus mar a d'fhoghlaim an t-iriseoir de bhunadh an oirthir ina dhiaidh sin, níorbh ann d'Iarnród Éireann Thiar Thuaidh.

Cionn is go raibh caiteachas an pháipéir teoranta ar fad mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta na laetha seo, níor ceadaíodh dó tiománaí eolach a fháil agus ní raibh an dara suí sa bhuaile aige ach é féin a thiomáint ann.

Dá mbeadh eolas an bhealaigh aige ná fiú dá mbeadh a charr féin aige leis an Satnav, b'fhéidir go dtiocfadh sé slán ach bhí air sin a thabhairt ar iasacht dá bhean ó tharla go raibh sí ag iompar clainne den chéad uair agus go mbeadh sí níos sábháilte leis, fad agus a bhí uirthi dul ar aghaidh ag obair mar thaistealaí margaidh leis an chomhlacht leanna.

Níor chuidigh sé lena chás ach an oiread gur chosúil go raibh an t-iriseoir céanna chomh neamheolach (d'aonturas) agus atá bunús phobal an oirthir agus atá/a bhí/a bheas baill Dháil Éireann fá Thír Chonaill.

Agus dá gcuirfí ceist air fá dtaobh den áit san am, ba é an dearcadh a bheadh aige ná go raibh an contae céanna chóir a bheith chomh holc leis an áit eile sin ó thuaidh ó Dhún Dealgan, a bhí lán neacha allta agus a bhí ina crá croí ó bhunadh an stáit agus gan tuigbheáil acu nár mhaith le dream ar bith baint ná páirt a bheith acu leo go deo.

B'áiteanna iad nach raibh maith iontu agus nárbh fhiú faic iad mar a bhí an mhórchuid de chontaetha taobh amuigh de Chúige Laighean.

Cuireadh lena ualach nuair a shocair sé ar uair a chloig a chaitheamh ag déanamh staidéir ar chúlra na popréalta, mar dhea, a d'fhág go raibh an dul chun cinn ar mhaith leis a dhéanamh, curtha ar chúl de thairbhe an tsrutháin orla mhiotalaigh ag éalú amach as gnólachtaí agus oifigí Bhaile Átha Cliath.

Ba d'aonturas é nár fhreastail sé ar an fhaill taisteal go hArd Mhacha agus a bhealach a dhéanamh go Doire nó b'fhada leis cois a leagan isteach san áit sin, agus chloígh sé leis an taobh ceart den teorainn ag dul go Sligeach sular tharraing sé ar Leitir Ceanainn.

Fiú ag an phointe sin, agus iomlán neamhairde tugtha go minic aige ar luas dhlí an bhóthair, bhí a fhios ag Jason go mbeadh obair aige bheith in am don choirm cheoil agus nuair a chonacthas dó go raibh craiceann na cré clúdaithe le ceo, b'i gcoinne a thola féin é a thréig sé tearmann an Tearmainn agus a thug aghaidh ar bhealach na gcnoc.

De réir mar a thiomáin Jason níos doimhne sna cnoic b'amhlaidh a dhruid an ceo leis an charr, go dtí go raibh an t-inneall tachta i dtaiséadach trom taibhseach agus nach raibh ann de sholas súile an innill ach dhá lóchrann lagbheartacha ag lapaireacht i lábán an liata.

Agus b'amhlaidh a d'éirigh Jason ní ba bhuartha fána chruachás nó níor léir dó rud ar bith roimhe ó ghaosán an chairr anonn agus ní mó ná go raibh luas an chairr ann nó ní raibh ina chos ach cuimil ar an troitheán luasaire agus é anois ag leanstan an bhóthair ina orlaí é.

Ní mó ná go raibh a fhios ag an iriseoir go raibh sé ar an bhóthar nó ní thiocfadh leis ceachtar taobh de a fheiceáil agus nuair a bhuail roth an chairr, mar is gnách leo gan teip, na poill bhuana sa bhealach, mheas Jason go raibh sé ar tí an bóthar a fhágáil ar fad agus go gcríochnódh sé bun os cionn i bpáirc éigin agus i bhfostú san fhásach.

Ag amharc siar dó anois, níor chuimhin leis cá fhad a bhí sé sula dtáinig an tuar fán tairngreacht ach go raibh an scéal ní ba mheasa ná mar a shamhail sé sa chéad dul síos.

D'fhoghlaim sé ina dhiaidh go raibh cothrom le dhá uair a chloig caite ar bhealach na gcnoc an oíche sin agus i ngan fhios dó féin, d'éirigh leis nathair nimhe an bhóthair thart ar an Earagail a aimsiú ach sa bheag, gan an diallait tarramhacadaim a fhágáil agus tuirlingt ar na páirceanna a ritheann chun locha, gníomh a thuirlingíodh chun báis é.

Ina áit sin, chuaigh sé ar seachrán tamall ina dhiaidh sin, ag tiontú ar chosán beag, ag fágáil slán ar an bhóthar a bhí ag sleamhnú amach roimhe ar chlé, agus tamall ina dhiaidh agus go tobann, chuaigh sé féin agus an carr thar a gcorp sular thit néal an dorchadais ar a intinn.

Nuair a tháinig sé chuige féin, ní hamháin gur chreid sé gur thit a charr agus é féin síos ón bhóthar ach chreid sé, nuair a nocht neach roimhe, gur thit sé i gcéad éigin eile, céad a bhí sé scór bliain scartha amach óna aois féin.

Nó roimhe bhí bean, a bhí ina bharúil, céad bliain d'aois, cé gur mheas sé féin gur cailleach nó taibhse a bhí inti sa chéad dul síos agus éadaí uirthi nach bhfaca sé in aon áit ach amháin sna seanphictiúirí dubha agus bána, seál thart ar a béal agus í cromtha, ag stánadh isteach air sa charr le solas lóchrainn, a bheadh féin, le breathnú air, ina ábhar iontais ar an Antiques Roadshow.

Rinne sé iarracht bogadh agus leis sin, ba chosúil dó go raibh achan deireadh néaróg ina chorp i ndiaidh pléascadh le thine, beart a thug ar a intinn pilleadh ar a dorchadas féin. Ba mhaith an rud é nó tugadh chun tí é ar sheanchlár greamaithe le hasal, íomhá a gcuirfeadh an fear 'Beamer' ar bharr creatha é.

Má shíl sé gur thaistil a charr ar nós De Lorean 'Mhic Cuileoige', bhí sé dearfa cinnte de nuair a ghlan néal a mheabhair, nó chonacthas dó go raibh sé anois i mbothán gan leictreachas agus dhá lóchrann stoirme an t-aon ábhar solais san áit.

"In ainm Dé ná corraigh nó déanfaidh tú níos mó damáiste ná mar atá déanta cheana féin . . ." a d'ordaigh guth ó áit éigin ar a chlé ach mar gheall ar an ordú, níor thiontaigh sé i dtreo an ghutha.

D'aithin Jason aghaidh na mná mar an bhean a bhí ag fuinneog an ghluaisteáin nuair a tháinig sí díreach os a comhair agus babhla uisce ina lámh aici.

"Caithfidh mé aire a thabhairt do d'aghaidh nó tá tú gearrtha go holc . . . caithfidh sé gur gortaíodh thú nuair a bhris an ghloine ghaoithe agus de réir cosúlachta, beidh orm cúpla greimire a chur ann."

Chuaigh sí i mbun oibre agus cibé faitíos a bhí air leigheas a fháil ó bhean éigin, a bhí i mbarúil Jason ón 19ú haois agus nach gcuala iomrá ar pheinicillin, ba ríchuma leis nó bhí pian an choirp go dona sin agus nuair a bhronn sí táibléad air, d'oscail sé a bhéal, agus ghlac sé é gan oiread agus focal a rá.

Shleamhnaigh sé arís, cé go ndearna sé iarracht mogall na súile a choinneáil in airde, i bhfolamh na haigne agus nuair a mhúscail sé arís, ba é guth Pat Kenny a chuala sé ar dtús agus solas an lae ann, cé gur lag a bhí sé.

Caithfidh sé gur lig sé éagaoin as i ngan fhios dó féin nó níor imigh ach cúpla soicind thart sular nocht bean an tí arís eile.

"Tá tú ar ais arís linn . . . fan go bhfeicfidh mé cén dóigh atá ort . . ."

Thóg sí caol a láimhe agus í ag breathnú ar a huaireadóir, thosaigh sí ag cuntas gach buille dá chroí.

"Ar an drochuair, mairfidh tú tamall eile . . ." ar sí agus aoibh chineálta ar a béal.

Rinne Jason staidéar ar a haghaidh agus ba léir dó nach raibh sí chomh haosta agus a shíl sé i dtús báire, agus mheas sé nach raibh an bhean thar na trí scór go leith bliain d'aois agus de réir chreatlach na haghaidhe, leis na súile móra gorma lonracha agus an chuid den ghruaig a bhí go fóill dubh, ba spéirbhean í lá den tsaol.

"Cá bhfuil mé, nó cén lá é nó ní bhíonn Pat Kenny ar an raidió Dé Sathairn . . .?" a d'fhiafraigh Jason, ag caint leis féin den mhórchuid.

"Chuaigh an Satharn agus an Domhnach thart ort a thaisce, bhí tú i do néal den mhórchuid, seo Dé Luain. An bhfuil ocras ort, nó an mothaíonn tú tinn?"

Bhí intinn Jason fós dírithe ar an am a d'imigh thart air.

"Dé Luain . . . cad é a tharla?"

"Chuaigh tú ar strae. Nach cuimhin leat go raibh taisme agat? Fuair tú bualadh bocht nuair a d'imigh an carr den chosán sin thuas. Ní shílim go bhfuair tú scoilt sa chloigeann ach fuair tú greadadh maith san am céanna. Ach b'fhurasta sin uilig tarlú duit i mBaile Átha Cliath má tá bun na fírinne ann i leath na scéalta a chluinim fán áit agus sílim go bhfuil bunús na cathrach sin ar seachrán ar fad."

"An banaltra thú?" Thit na foclaí óna bhéal mar a bheadh piléar ann ó ghunna a buaileadh de thaisme, an dóigh a raibh sé ag teacht chuige féin.

"Banaltra!" a dúirt sí leis sular lig sí gnúsacht aisti.

"Is léir nach bhfuil dul chun cinn i meon na bhfear déanta go fóill!" a dúirt sí agus í ag croitheadh a cloiginn agus aoibh tharcaisneach ar a béal.

"Ach, ar mhaith leat greim bricfeasta, tá mé ag déanamh go bhfuil sé tamall maith ó rinne tú do chuid agus ní dhéanfadh sé dochar ar bith duit cothaitheacht a fháil. An íosfá greim?"

Ag amharc siar ar an am sin dó, agus é anois ag pilleadh ar ais chun tí, ba chuimhin leis bia den chineál nár bhlas sé riamh, cé gur mhinic a bhí gach rud dár ith sé an mhaidin sin ite aige cheana féin.

Agus gan ann ach arán a rinne sí réidh os comhair a dhá shúil agus uibheacha a thug sí isteach ó chúl an tí.

B'ionann an bricfeasta sin agus tús comhrá léi fána saol agus ba chomhrá é a bheadh ina thionchar ar a shaol a bheag nó a mhór.

Mhínigh sí dó nach raibh leictreachas sa teach an oíche a tháinig sé chun tí, i ndáiríribh, cionn is nach raibh gaoth ann leis an ghineadóir gaoithe, a thóg sí féin, a chur sa tsiúl agus b'éigean di pilleadh ar na seandóigheanna.

Le linn na maidine agus an comhrá sin, chonacthas do Jason go raibh a saol bunaithe den mhórchuid ar na seandóigheanna idir an bia a d'fhás sí féin agus an chumhacht a rinne sí le mairstin, an dóigh a ndearna sí athchúrsáil uisce le plandaí i dtrí linn a ghlan an t-uisce, rud nach bhfaca sé riamh ina shaol agus a chreid sé san am nach bhfeicfeadh aon duine eile arís á dhéanamh ó seo amach. Agus an t-iomlán léir tógtha aici féin le tríocha bliain anuas.

AR LEAN
an tseachtain seo
chugainn